**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla*
*An Cathaoirleach*

16.1.2020

An tUasal Antonio Tajani
Cathaoirleach
An Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (2018/0427(NLE))

Ag cruinniú an 6 Samhain 2019, bheartaigh Comhordaitheoirí an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar thuairim a thabhairt i bhfoirm litreach, i gcomhréir le Riail 56(1) de na Rialacha Nós Imeachta, i leith an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] (an "Comhaontú um Tharraingt Siar") agus béim inti ar inniúlachtaí ár gCoiste. De réir an chinnidh ó Chomhdháil na nUachtarán an 24 Deireadh Fómhair 2019, an 6 Samhain 2019 ceapadh i mo Rapóirtéir don tuairim mé i mo cháil mar Chathaoirleach an Choiste agus is litir atá sa tuairim.

**An moladh:**

Ag a chruinniú an 16 Eanáir 2020, chinn an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, le 17 vóta i bhfabhar, 1 vóta i gcoinne agus 2 staonadh[2], a mholadh don Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla gan toiliú a thabhairt don Chomhaontú um Tharraingt Siar chomh fada is nach bhfuil an Bille um an gComhaontú um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe, lena dtabharfar éifeacht don Chomhaontú um Tharraingt Siar, glactha agus sínithe go críochnaitheach ag cúirteanna ábhartha uile na Ríochta Aontaithe agus measúnú déanta ar a éifeachtaí dlíthiúla d'fhonn an Comhaontú um Tharraingt Siar a chur chun feidhme amach anseo.

[1] IO CI 384/1, 12.11.2019, lch.1.
[2] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Lucy Nethsingha (Cathaoirleach), Ibán García Del Blanco, Sergey Lagodinsky, Marion Walsmann (Leas-Chathaoirligh), Patrick Breyer, Geoffroy Didier, Angel Dzhambazki, Heidi Hautala, Jackie Jones, Mislav Kolakušić; Gilles Lebreton, Karen Melchior, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Sabrina Pignedoli, Jiří Pospíšil, Emil Radev, Franco Roberti, Liesje Schreinemacher, Stéphane Séjourné, Axel Voss, Lara Wolters, Tiemo Wölken, Juan Ignacio Zoido Álvarez (in ionad Esteban González Pons de bhun Riail 209(7)).

Tugtar an moladh agus aird chuí á tabhairt ag an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar fhorálacha an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, go háirithe Airteagail 4 agus 5, Cuid II de maidir le cearta na saoránach, forálacha Theideal IV de Chuid III de, maidir le maoin intleachtúil, Teideal VI de maidir le comhar breithiúnach leanúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála agus an dlúthghaol atá acu leis na tarluithe roimh dheireadh na hidirthréimhse; Teideal X maidir le nósanna imeachta breithiúnacha agus riaracháin an Aontais; Teideal XII maidir le pribhléidí agus díolúintí, go háirithe na forálacha maidir le díolúine Fheisirí Pharlaimint na hEorpa; agus Teideal XIII maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, Cuid IV maidir leis an Idirthréimhse, agus Cuid VI maidir le forálacha institiúideacha agus críochnaitheacha ag féachaint go háirithe do Theideal I de maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach.

Thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, ba mhaith liom aird an Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla a tharraingt ar na nithe seo a leanas a mheastar a bheith bunriachtanach chun críche toilithe:

1. Maidir le tarraingt siar Ballstáit ón Aontas Eorpach, cé gurb é ceart ceannasach an Bhallstát sin é, ba cheart é a shocrú ar an mbealach is eagraithe agus is féidir ionas nach mbeadh tionchar diúltach aige ar an Aontas Eorpach, ar a shaoránaigh ná ar phróiseas lánpháirtithe na hEorpa ar thaobh amháin agus teorainn a chur, a mhéid is féidir, leis na hiarmhairtí díobhálacha láithreacha ar an mBallstát atá ag tarraingt siar agus a shaoránaigh, ar an taobh eile;

2. In éagmais an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, d'imeodh an Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach go huathoibríoch an 31 Eanáir 2020 agus dhéanfadh sí é sin ar bhealach mí-ordúil;

3. San fhógra uaithi an 29 Márta 2017, thug an Ríocht Aontaithe le fios go raibh sé ar intinn aici gan teacht faoi dhlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Sa rún uaithi an 3 Deireadh Fómhair 2017 maidir le staid na caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe, leag an Pharlaimint béim, go háirithe maidir le cearta saoránach, ar an bhfíoras gur cheart éifeacht a thabhairt don ghealltanas go dtabharfar éifeacht dhíreach do chearta shaoránaigh AE-27 atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe trí bhíthin an comhaontú um tharraingt siar isteach a ionchorprú i ndlí na Ríochta Aontaithe, agus gur cheart é sin a dhéanamh ar bhealach lena gcuirtear cosc ar é a athrú go haontaobhach, lena gceadaítear do shaoránaigh AE cearta an chomhaontaithe um tharraingt siar a agairt díreach os comhair chúirteanna agus riarachán poiblí na Ríochta Aontaithe, agus lena dtugtar tosaíocht dó ar dhlí na Ríochta Aontaithe agus - chun comhleanúnachas agus sláine ord dlíthiúil AE a ráthú - leag sí béim ar an bhfíoras nach mór do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) leanúint de bheith ar an aon údarás atá inniúil as dlí an Aontais Eorpaigh agus an comhaontú um tharraingt siar a léirmhíniú agus a fhorfheidhmiú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt ar aire go ndearna an Ríocht Aontaithe, faoi na téarmaí agus na coinníollacha sa Chomhaontú um Tharraingt Siar, forálacha sonracha a chomhaontú maidir le dlínse CBAE agus léirmhíniú agus cur i bhfeidhm dhlí an Aontais. Is gné bhunriachtanach é sin den Chomhaontú um Tharraingt Siar agus ní mór go mbeadh mar thoradh ar aon mhalairt slí aontaobhach óna fhorálacha i ndáil leis sin, go háirithe trí fhorálacha cur chun feidhme a ghlacadh, amhail an Bille um an gComhaontú um Tharraingt Siar chuige sin, go ndéanfadh Parlaimint na hEorpa a toiliú a choinneáil siar. Dá bhrí sin, fágann sin nach féidir toiliú na Parlaiminte a thabhairt ach amháin leis an tuiscint go

ndéanfaidh na comhpháirtithe an réiteach atá cothromaithe go cúramach agus ar thángthas air sa Chomhaontú um Tharraingt Siar a mhéid a bhaineann le dlínse CBAE agus a ról i léirmhíniú agus cur i bhfeidhm dhlí an Aontais agus an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar féin a urramú go hiomlán agus de mheon macánta.

4. Tá sé fíorthábhachtach cearta shaoránaigh AE-27 atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe agus cearta shaoránaigh na Ríochta Aontaithe atá ina gcónaí in AE a chaomhnú go deireadh na hidirthréimhse go hiomlán agus tar éis na tréimhse sin a mhéid is féidir, go háirithe teaghlaigh agus saoránaigh leochaileacha agus go háirithe a mhéid a bhaineann leis na cearta faighte. Ó thús na gcaibidlíochtaí, bhí sé sin ar an treoirlíne agus an coinníoll príomha caibidlíochta a bhí ag an bParlaimint dá toiliú agus ní mór dó fanacht amhlaidh.

5. Is rud bunúsach do Thuaisceart Éireann agus don chaidreamh a bheidh aige le hÉirinn amach anseo é tarraingt siar ordúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach d'fhonn an tsíocháin a choimirciú agus, dá bhrí sin, Comhaontú Aoine an Chéasta ina iomláine a chaomhnú. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt ar aire go bhféadfadh cur chun feidhme na bhforálacha leasaithe den Phrótacal athbhreithnithe maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann a bheith ina dhúshlán agus caithfear é a chur le chéile go cúramach agus faireachán a dhéanamh air. Tá ceann de na gnéithe ar ina leith a theastóidh grinnscrúdú agus breithniú cúramach bainteach le dlínse cuideachtaí atá bunaithe agus ag oibriú i dTuaisceart Éireann.

6. Tá Bille um Chomhaontú um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe lena dtabharfar éifeacht don Chomhaontú um Tharraingt Siar ina ghníomh de chuid ord dlíthiúil baile na Ríochta Aontaithe agus tá na héifeachtaí dlíthiúla atá aige d'fhonn an Comhaontú um Tharraingt Siar a chur chun feidhme ríthábhacht don toiliú. Ba cheart anailís chúramach a dhéanamh orthu sula ndéanfar cinneadh maidir le toiliú agus beidh ar an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach dlúthfhaireachán a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin i gcás ina dtugtar toiliú.

7. Beidh an tÚdarás Faireacháin Neamhspleách atá á chur ar bun faoi láthair ag an Ríocht Aontaithe inniúil chun gearáin a fháil ó shaoránaigh AE 27 maidir le sáruithe féideartha ar a gcearta faoin gComhaontú um Tharraingt Siar. Beidh sé inniúil chun fiosrúcháin a sheoladh agus caingne dlí a thionscnamh. I bhfianaise ról lárnach an chomhlachta amach anseo i dtaca lena áirithiú go gcomhlíonfar an Comhaontú um Tharraingt Siar, agus dá bhrí sin dlí an Aontais, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfí an t-údarás sin ar bun ar bhealach lena gceadaítear dó gníomhú go gasta agus go hiomlán neamhspleách maidir le gearáin ó shaoránaigh de chuid an Aontais.

8. Foráiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar d'idirthréimhse go dtí deireadh 2020 ar féidir síneadh suas le bliain amháin nó dhá bhliain a chur léi; De bhun an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, le linn na hidirthréimhse sin, beidh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais na cumhachtaí arna dtabhairt dóibh le dlí an Aontais i ndáil leis an Ríocht Aontaithe agus le daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe. Go háirithe, beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amhail dá bhforáiltear sna Conarthaí. Ba cheart a thabhairt ar aird gur cheart aird chuí a thabhairt ar an bhféidearthacht go ndéanfar síneadh a chur leis an idirthréimhse mar bhealach le tarraingt siar ordúil na Ríochta Aontaithe a éascú tuilleadh trí chaibidlíocht a thabhairt chun críche maidir leis an gcaidreamh a bheidh ann amach anseo idir an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach.

Tá súil agam go mbeidh an méid thuas ina rannchuidiú fónta leis an tuarascáil arna dréachtú ag an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla.

Le dea-mhéin,

Lucy Nethsingha